Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Iúil 2025
(OR. en)

11239/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0189 (NLE)**

ECOFIN 947
UEM 385
FIN 824
*ECB*
*EIB*

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta - An Fhionlainn<br>− Glacadh |

1. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021, mar a leagtar amach in 12524/21 + ADD 1 é, formheasadh an measúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don bhFionlainn i gcomhréir le hAirteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241.

2. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle ina dhiaidh sin an 14 Márta 2023, de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241, mar a leagtar amach in 6991/23 + ADD 1 COR 1, an 8 Nollaig 2023 de bhun Airteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, mar a leagtar amach in 15836/23 + ADD 1, an 16 Iúil 2024 de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, mar a leagtar amach in 11535/24 + ADD 1.

3. An 30 Aibreán 2025, rinne an Fhionlainn iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an bhFionlainn.

4. Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Fhionlainn chun cinn

difear don mheasúnú dearfach maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht ná comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

5. Mheas an Coimisiún go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe go sásúil na critéir le haghaidh measúnú a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán, na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus nach bhfuil aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don bhFionlainn.

6. Ós mar sin atá, ag gníomhú dó ar bhonn Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an 26 Meitheamh 2025 togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don bhFionlainn a fhormheas, mar a leagtar amach in 10922/25 agus 10922/25 ADD 1 é.

7. Scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an togra an 15 Iúil 2025 agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an téacs, faoi réir athbhreithniú dlí agus teanga.

8. Déantar téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, a leagan amach in 11030/25 agus 11030/25 ADD 1.

9. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis na téacsanna seo a leanas, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch orthu:
  a) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don bhFionlainn, a fhormheas, mar a leagtar amach in 11030/25 é agus
  b) Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don bhFionlainn a fhormheas, mar a leagtar amach in 11030/25 ADD 1 é, agus
- a mholadh don Chomhairle an Cinneadh thuasluaite, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a ghlacadh mar 'mír-A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.